C/2024/4404

8.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11457 — HPE / JUNIPER)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4404)

1. An 27 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hewlett Packard Enterprise Company ('HPE', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Juniper Networks, Inc. ('Juniper', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh HPE rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Juniper ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda é HPE, a bhfuil a cheanncheathrú i Texas, na Stáit Aontaithe, agus ag a bhfuil tairiscintí lena n-áirítear ríomhaireacht, stóráil, líonrú, ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus intleacht shaorga, agus bogearraí,

— Is cuideachta teicneolaíochta líonraithe ilnáisiúnta é Juniper a bhfuil a cheanncheathrú in California, na Stáit Aontaithe, ar cuideachta é a dhéanann táirgí líonraithe, lena n-áirítear ródairí, lasca, pointí rochtana gan sreang, táirgí slándála líonra agus seirbhísí gaolmhara, a fhorbairt agus a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11457 — HPE / JUNIPER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').